Caibidil 6

2.00 pm, Dé Sathairn 19 Meán Fómhair

In áit dhorcha a bhí Aoife. Íoslach, nó pluais faoi thalamh, ní raibh sí cinnte cé acu. Ní raibh fuinneog ar bith ar an áit. Bhí solas thuas in airde, i bhfad thuas in airde, agus céimeanna ag síneadh ina threo.

Bhí an áit dorcha ach fós bhí sí in ann a lámh féin a fheiceáil. D'oscail sí bos a láimhe agus chonaic sí braon fola ag leathadh ina lár. Dath cródhearg a bhí air.

Bhí snaidhm ina bolg. Snaidhm imní. Bhí céimeanna an staighre géar agus bhí a cosa tuirseach, an-tuirseach. Dá sciorrfadh a cosa thitfeadh sí de na céimeanna agus síos isteach sa phluais.

Ní raibh sí ina haonar, bhí sí lánchinnte de. Fuair sí drochbholadh san áit, póit agus allas measctha trí chéile. Ach ní raibh duine ar bith eile ar na céimeanna.

Chuala sí gáire. D'aithin sí an glór. Jack Talbot a bhí ann. Bhí nuachtán ina lámh aige agus bhí sé ag gáire faoi rud éigin a bhí á léamh aige ann.

Nuair a d'aithin Aoife glór Jack Talbot, thuig sí go raibh sí ag brionglóideach. Bhí sí sáinnithe istigh i mbrionglóid, i bpluais a hintinne féin. Tromluí a bhí ann. Ní raibh Jack ag gáire a thuilleadh, ach fear éigin eile. "Marcas is ainm dom," ar sé go magúil. Chuala Aoife macalla an scig-gháire istigh ina cloigeann agus í ag iarraidh a bealach a dhéanamh amach as an tromluí.

Luigh sí gan chorraíl agus í ag dúiseacht. Bhí snaidhm fós ina bolg. Bhí an leaba folamh seachas í féin, gan a fear céile ann chun barróg a bhreith uirthi ná solas a mhion-gháire a roinnt uirthi.

Bhí na cuirtíní tarraingthe ach chuimhnigh sí go raibh sé ina lá geal lasmuigh. Bhí bricfeasta ite ag na cuairteoirí cheana, a mbille íoctha, slán fágtha aici leo i lár na maidine. Ina dhiaidh sin uile a d'fhill sí ar a seomra. Bhí sí spíonta tuirseach, gan ach codladh briste déanta aici i rith na hoíche. Nuair a luigh sí síos, ní raibh coinne aici ach sos a ghlacadh seal. Ligean uirthi nár ionsaigh Donncha í ina teach féin.

Bhí an boladh úd a chuir masmas uirthi fós ar a craiceann, bhí sí cinnte de. Chaith sí fiche nóiméad faoin gcith an oíche roimhe sin, agus tamall níos faide fós ar maidin. Ach ní raibh sí in ann é a ghlanadh di. Bhris allas uirthi istigh faoin bpluid agus í ag cuimhneamh ar Dhonncha. A shúile bolgacha agus a mheáchan ag brú uirthi. An sceon uafásach a bhuail í go raibh sé ar tí í a éigniú.

Chuach sí í féin faoin éadach, a glúine á dtarraingt suas aici chuig a bolg. Ní raibh sí in ann ciall a bhaint as an méid a tharla. Conas nár rith sí amach as an seomra, nó cad a bhí ar intinn ag Donncha nuair a tháinig sé isteach sa teach ar dtús? Mhair an pictiúr ina cuimhne ar feadh na hoíche den scian ina lámh agus é á ghearradh féin. An lann ag glioscarnach, agus goimh ghéar ina shúile.

Bhí an scian á casadh aige anonn is anall san aer nuair a tháinig Eoin isteach sa seomra. Ba bheag nár baineadh tuisle as Donncha agus é ag éalú amach sa ghairdín. Bhéic Aoife ar Eoin an doras a chur faoi ghlas, agus ansin rith an bheirt acu ó sheomra go seomra chun a chinntiú nach bhfillfeadh sé. Cúig nó deich nóiméad ina dhiaidh sin, d'inis

Eoin di nach raibh gluaisteán Dhonncha, BMW mór dúghorm, lasmuigh den teach níos mó.

D'fhan Aoife cuachta sa dorchadas, agus í ag iarraidh gach mothú inti a mhúchadh. Bhí eagla uirthi go mbéarfadh tromluí eile uirthi dá dtitfeadh sí ina codladh arís. Ach ní raibh fonn ná fuinneamh inti éirí as a leaba.

Chuala sí a guthán póca ag bualadh nuair a bhí sí ina seasamh faoin gcithfholcadh arís eile. Bhí sruthanna uisce ag scairdeadh anuas uirthi agus sobal galúnaí ar a lámha. Chas sí tuáille timpeall uirthi féin. Bhí sí ar a míle dícheall glaoch ar Phat ón oíche roimhe, ach gach diabhal iarrachta a rinne sí, níor chuala sí ach bípeanna fada ina cluasa.

Níorbh é ainm Phat a bhí roimpi ar scáileán a gutháin, áfach, ach ainm Cháit. Bheartaigh Aoife go dtriailfeadh sí glaoch ar dhuine de chol ceathracha Phat ar ball. Ba cheart go mbeadh an Mhaláiv sroichte aige agus SIM-chárta nua aige a d'oirfeadh dá ghlaonna san Afraic. Theastaigh uaithi glór séimh tuisceanach a fir chéile a chloisteáil.

Bheadh cinneadh le déanamh acu faoi Dhonncha freisin, mar a mhínigh an Sáirsint Mac Muiris di an oíche roimhe. Ní fhéadfadh na gardaí an t-ionsaí a fhiosrú gan gearán oifigiúil ó Aoife. Ach ní raibh a fhios aici cad ab fhearr a dhéanamh. Cén tionchar a bheadh aige ar na Bánchnoic, mar shampla, ise a bheith i láthair cúirte agus í ag tabhairt fianaise gur ionsaigh duine dá cuairteoirí í?

De réir mar a thuig sí, thart ar uair an chloig tar éis dó an teach a fhágáil, tháinig garda suas le Donncha ar an mbóthar idir Eadarghóil agus Gleann Garbh. Choimeád an garda ag caint é ar feadh tamaill agus ansin chuir sé triail

anála air, a léirigh go raibh ar a chumas tiomáint. An scéal a fuair Aoife ar maidin ná go raibh Tessa le haistriú ó Bheanntraí go hospidéal réigiúnach Chorcaí, chun go ndéanfaí scan inchinne uirthi, agus go raibh Donncha ar a shlí go dtí an chathair freisin.

D'fhill sí ar an gcithfholcadán. Ghlaofadh sí ar ais ar Cháit ar ball. D'fhan a cara thar oíche sna Bánchnoic, ach b'éigean di éirí go luath chun siopa Uí Dhonnabháin a oscailt. Tháinig scéal uaithi ina dhiaidh sin go raibh nuachtáin na maidine feicthe aici. Ní raibh fonn uirthi cúis bhuartha as an nua a thabhairt d'Aoife, ar sí, ach bhí alt i bpáipéar Jack Talbot a thrácht ar na Bánchnoic. Ceannlíne áiféiseach a bhí air: "*Hubby awol as hols askew*".

Dhéanfadh Aoife gáire os ard faoi murach go raibh sí trí chéile. Ní raibh tábhacht ar bith leis, a dúirt sí léi féin, i gcomparáid lenar tharla di sa seomra suite. Ní raibh iomlán an scéil ag Jack ach oiread, mar nár luaigh sé líomhain Dhonncha in aghaidh Oscair. Nuair a labhair Aoife le Cáit faoi ar an nguthán, d'aontaigh siad nach raibh san alt ach gníomh beag suarach díoltais.

Ghléas sí í féin go mall. Bhí an lá bog, ach chuir sí geansaí teolaí uirthi féin. Ba chosúil le babhta tinnis an lagar a bhraith sí inti féin. Ba mhór an faoiseamh é go raibh na cuairteoirí imithe leo. Bhí Béatrice agus Sébastien ag triall ar Ghúgán Barra sula bhfillfidís ar an bhFrainc. Bhí fonn ar Eoin Mac Ailpín cuairt a thabhairt ar an ionad Búdaíoch gar do Bhaile Chaisleáin. Bhí Zoe agus Stella ag dul i dtreo Bhaile Chaisleáin freisin, ach ní ar mhaithe le machnamh ná le síocháin aigne. Bhí Zoe ar bís chun páirt a ghlacadh sa léirsiú poiblí faoin long Rúiseach. Bhí sí ag trácht gan stad ar an ábhar i rith an bhricfeasta, agus ag damnú pé duine nár thacaigh leis an gcúis.

“Ar chuala tú an argóint a bhí agam faoi na fir bhochta sin?” Ar éigean a bhí ciseán arán tósta leagtha ag Aoife ar an mbord nuair a bhrúigh Zoe an cheist uirthi. “Le hOscar Mac Ailpín, an tráthnóna cheana? Dúirt mise go raibh sé scannalach go raibh longa ag taisteal thart ar chóstaí na hEorpa agus criú ar bord i riocht sclábhaíochta. Ba chóir é a chosc, arsa mise leis. Ach fan go gcloisfidh tú an freagra a thug sé orm!”

Chuir Aoife dreach spéise ar a gnúis. Is éard a chuir caint Zoe i gcuimhne di ná gála gaoithe a réabfadh isteach an doras lá geimhridh.

“Dá mbeimis ag brath ar mhoráltacht i gcúrsaí trádála, a deir Oscar, bheimis go léir chomh bocht le foireann na loinge.” Bhí bior ar shúile Zoe. “Nach dtuigeann tú, a deir sé liom, go bhfuilimidne ag brath ar allas na milliún duine i gcéin chun saol compordach a bheith againn in Éirinn? Agus is mise atá buíoch go bhfuil, ar sé. An gcreidfeá é?”

“Bhí Oscar ag spochadh asat,” arsa Stella ansin. “Ach ní dócha go bhfeicfimid arís é, agus ní fiú a bheith ag gearán faoi.” Bhí a guth an-chiúin, agus rith sé le hAoife go raibh sise ag tuirsiú d’óráidíocht Zoe freisin. Leasdeirfiúracha a bhí iontu, de réir mar a thuig sí, agus ní raibh ann ach sé mhí ó casadh an bheirt acu ar a chéile den chéad uair. Uchtaíodh Stella agus í ina leanbh, agus tógadh i Sasana í. Ní nárbh ionadh, bhí taisce tuairimí ag Zoe faoi chúrsaí uchtaithe freisin.

“Ba bhreá liom a fháil amach conas a chnuasaigh sé a chuid saibhris.” Bhí leisce ar Zoe géilleadh. “Bí cinnte go bhfuil daoine eile ag fulaingt chun airgead a choimeád ina phócaí siúd.”

D’fhan Aoife ina suí ar cholbha a leapa ar feadh seal. Gheall sí di féin go gcaithfeadh sí an iarnóin go

suaimhneach. Níor ghá di éisteacht le spalpadh cuairteoirí go ceann tamaill. Rachadh sí ag spaisteoireacht le Cáit. Agus dhéanfadh sí teagmháil le Pat ar áis nó ar éigean.

Bheadh uirthi suí síos le Sal freisin chun a rá léi go raibh sí fós ar deargbhuile léi. Tar éis an ionsaithe sa seomra suite, rinne Aoife iarracht glaoch uirthi, ar fhaitíos go mbeadh Donncha ag smúrthacht thart ar an ngairdín nuair a thiomáinfeadh Neansaí agus Sal isteach an geata. Ach ní bhfuair sí mar fhreagra óna hiníon ach téacs giorraisc a seoladh tamall tar éis meán oíche. "*D'fhág N an-luath, no way mise ag fágáil fós, no prob fanacht thar oíche*".

Nuair a shiúil Sal isteach sa teach ar maidin Shathairn, bhí Aoife chomh tuirseach nach ndeachaigh sí i ngleic léi mar ba mhian léi.

"Ná ceap gur ghlac mé go réidh le do chuid cleasaíochta aréir," ar sí léi. Thug sí faoi deara go raibh meangadh beag rúnda ar bhéal Sal, agus í ag amhránaíocht faoina hanáil. "Gheall tú go dtiocfá abhaile le Neansaí."

"Cad é, ag a haon déag a chlog, cosúil le *some* Cinderella?" Níor éirigh le Sal an meangadh a ghlanadh dá gnúis. "Ní raibh rudaí ach ag tosú nuair a d'imigh sise abhaile."

"Tá Neansaí níos ciúine inti féin ná mar atá tusa, a Shal, ach ní raibh sé de cheart agat í a thréigean ag an gcóisir. Thriail mé glaoch uirthi ar maidin ach níor fhreagair sí a guthán. Déarfainn go bhfuil sí ar buile leat, díreach mar atáimse."

"Ná cuir an locht ormsa faoi, *please*. Má theastaigh ó Neansaí éirí go moch chun an lá a chaitheamh ar a cuid ealaíne nó pé rud eile, *fair enough*, ach ní féidir leat a bheith ag súil . . ."

B'éigean d'Aoife éirí as an argóint le Sal nuair a chonaic

sí cuairteoirí ag feitheamh uirthi chun a gcuid billí a íoc. Nuair a d'fhillfeadh Pat ar Éirinn, a mhionnaigh sí di féin, bheadh orthu rialacha dochta a leagan síos dá n-iníon, agus ní hamháin sin, ach cloí leo.

Bhí Aoife ag ól cupán tae sa chistin nuair a chuala sí cnag ar an bhfuinneog. Cáit a bhí ann. Thuig Aoife go raibh drochscéal ag a cara sula raibh focal ráite aici.

"Tá brón orm, bhí mé chun glaoch ort ar ball."

"Is ormsa atá an brón, a chroí." Thóg Cáit a lámh agus stiúir sí ar ais chuig a cathaoir í. Tharraing sí cathaoir eile suas taobh léi.

"Theastaigh uaim go gcloisfeá uaimse é, seachas fanacht go dtiocfadh na gardaí chugat." Ní raibh glór Cháit socair, mar a bhíodh de ghnáth. "Cara le Breandán a d'inis dó é, fear atá lonnaithe sa stáisiún i mBeanntraí, tá a fhios agat. Níl aon rud á rá go hoifigiúil fós."

"Cad atá i gceist agat, aon rud oifigiúil?"

"Tá scata gardaí imithe go Bealach Scairt. Tá siad ann le leathuair . . ."

"Ní thuigim. Cén fáth Bealach Scairt?" Bhí Aoife ag iarraidh moill a chur ar an drochscéal. Bhí duine marbh. Thuig sí go rímhaith é ón gcéad fhéachaint a thug sí ar Cháit.

"In aice le droichead a fuarthas é, in áit éigin sa ghleann." Chas súile na mban ar a chéile. De rúid a tháinig an tuiscint in intinn Aoife gurbh é Pat a bhí marbh. Bhí sé imithe le dhá lá agus ní raibh focal cloiste aici uaidh. Dhún sí a súile agus chrom sí a ceann. Bhí snaidhm ag fáisceadh ar a bolg, míle uair níos nimhní ná mar a bhí ina brionglóid.

“Bhí sé . . . bhí an corpán i mála, go bhfóire Dia orainn,” arsa Cáit. “Agus mar a deirim, níl aon rud ráite go hoifigiúil, ach thuig Breandán óna chara gurbh é duine de do chuairteoirí é, b’in an fáth gur theastaigh uaim . . .”

Bhí na focail san aer ar feadh cúpla soicind sular thuig Aoife i gceart iad. Ba bheag nár lig sí liú áthais. Rug sí greim barróige ar Cháit.

“Tá brón orm, níor cheart dom . . .” Bhí tonnta faoisimh agus uafáis ag snámh in aghaidh a chéile istigh inti. Scaoil sí a greim ar ghuaillí Cháit. Rug a súile ar a chéile athuair.

“Bhí na gardaí ag iarraidh teagmháil leis le dhá lá anuas, nach raibh?” Labhair Cáit de chogar, nach mór. “Oscar Mac Ailpín atá ann. Oscar atá marbh, go ndéana Dia is Muire grásta air.”